AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.1.2026
COM(2026) 49 final

2026/0028 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 237ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) a mhéid a bhaineann leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn 13 - *Aircraft Accident and Incident Investigation* (Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Is leis an méid seo a leanas a bhaineann an togra:

(i) an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 237ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) maidir le Leasú 20 atá beartaithe ar Iarscríbhinn 13 – *Aircraft Accident and Incident Investigation* (Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí).

(ii) an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais tar éis do EESI glacadh Leasú 20 ar Iarscríbhinn 13 – *Aircraft Accident and Incident Investigation* (Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí) a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta a fhógairt i Litreacha Stáit ábhartha, lena n-iarrtar ar a Stáit Chonarthacha fógra a thabhairt faoi aon difríocht nó comhlíonadh na mbeart a ghlacfar.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta

Is é is aidhm don Choinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago') rialú a dhéanamh ar an aeriompar idirnáisiúnta. An 4 Aibreán 1947 a tháinig Coinbhinsiún Chicago i bhfeidhm, agus is leis a bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta.

Tá Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh ina Stáit Chonarthacha i gCoinbhinsiún Chicago.

2.2. An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

Is gníomhaíocht speisialaithe de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta. Tá sé d'aidhm agus de chuspóir ag an Eagraíocht prionsabail agus teicnící na haerloingseoireachta idirnáisiúnta a fhorbairt, agus pleanáil agus forbairt an aeriompair idirnáisiúnta a chothú.

Is comhlacht buan de chuid EESI í Comhairle EESI, comhlacht a bhfuil 36 Stát Chonarthacha ina gcomhaltaí ann, agus is é Comhthionól EESI a thoghann na Stáit Chonarthacha sin le haghaidh tréimhse 3 bliana. Tá ionadaithe ó shé Bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh ar Chomhairle EESI le haghaidh na tréimhse 2025-2028.

I measc na bhfeidhmeanna sainordaitheacha atá ar Chomhairle EESI, feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, tá glacadh caighdeán agus cleachtas molta idirnáisiúnta (SARPanna), a ainmnítear mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

De bhun Airteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, tiocfaidh aon Iarscríbhinn den sórt sin nó aon leasú ar Iarscríbhinn i bhfeidhm laistigh de 3 mhí tar éis sin a thíolacadh do Stáit Chonarthacha EESI, nó ag deireadh cibé tréimhse ama is faide a fhorordóidh Comhairle EESI, mura rud é go gcláraíonn tromlach de Stáit Chonarthacha EESI a míshástacht idir an dá linn.

Tar éis ghlacadh na mbeart sin, ní mór do Stáit Chonarthacha EESI na bearta sin a chomhlíonadh nó fógra míshástachta nó fógra faoi aon difríocht a bheidh ann le hais na mbeart sin a thabhairt, sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm agus sula mbíonn siad ceangailteach ó thaobh dlí de.

De bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, más dofheidhmithe d'aon Stát aon chaighdeán nó aon nós imeachta idirnáisiúnta den sórt sin a chomhlíonadh go hiomlán, nó a

rialacháin nó a chleachtais féin a chur i gcomhréir go hiomlán le haon chaighdeán nó aon nós imeachta idirnáisiúnta den sórt sin, nó má mheasann sé gur riachtanach rialacháin nó cleachtais a ghlacadh atá éagsúil ar aon dóigh leis na rialacháin nó na cleachtais arna mbunú le caighdeán idirnáisiúnta, tabharfaidh an Stát sin fógra láithreach do EESI maidir leis na difríochtaí idir a chleachtas féin agus an cleachtas arna bhunú leis an gcaighdeán idirnáisiúnta.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag EESI agus an gaol atá aige le rialacha an Aontais atá ann cheana

Le linn an 237ú seisiún de Chomhairle EESI nó le linn aon seisiún ina dhiaidh sin, meastar go ndéanfaidh an Chomhairle na rudaí seo a leanas a mheas agus a ghlacadh:

– Leasú 20 ar Iarscríbhinn 13 – *Aircraft Accident and Incident Investigation* (Imscrúduithe Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí) dá dtagraítear i Litir Stáit AN 6/1.2.2, AN 11/1.1.36-25/43, agus Litir Stáit AN 8/3-23/18, eascraíonn sé as an bplé ag an 7ú agus an 8ú cruinniú den Phainéal um Imscrúdú Tionóiscí (AIGP/7 agus AIGP/8) agus as an tríú cruinniú den Ghrúpa Cur Chun Feidhme um Chosaint na Faisnéise Sábháilteachta (SIP-IG/3), agus as an bplé ag an 5ú cruinniú den Phainéal um Bhainistíocht Sábháilteachta (SMP/5), an 9ú cruinniú de Phainéal na gCóras Aerárthaí Cianrialaithe (RPASP/9) agus an 5ú cruinniú de Mheitheal an Phainéil um Dhearadh agus Oibríochtaí Aeradróm (ADOP/WG/5).

– Baineann sé le forálacha tionóiscí aerárthaí lena n-áirítear cur isteach neamhdhleathach, imscrúduithe i gcásanna coinbhleachta leasa (tabhairt anuas aerárthaigh), ábhar fianaise agus na ceanglais maidir le tuairisciú sonraí tionóiscí/teagmhas (ADREP). Tá tagairtí d'Iarscríbhinn 13 sna leasuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn 6 maidir le cosaint taifeadtaí sonraí eitilte, gan aon tionchar ar Iarscríbhinn 13. Ar deireadh, cuimsítear ann nuashonrú suntasach ar Iarscríbhinn 19 a mhéid a bhaineann le sainmhíniú ar Chlár Sábháilteachta Stáit (SSP) agus Nóta a bhaineann le Córas um Bailiú agus Próiseáil Sonraí Sábháilteachta (CBPSS).

– Is féidir tionchar a bheith ag an leasú thuasluaite ar dhlí an Aontais Eorpaigh mar a mhínítear go mion thíos.

Cumhdaítear na réimsí a leanas leis an Leasú atá beartaithe:

– I ndáil leis an nuashonrú ar chur isteach neamhdhleathach agus imscrúduithe i gcásanna coinbhleacht leasa, féachtar, leis an leasú atá beartaithe, le dualgais Stát an Tarlaithe in imscrúduithe tionóiscí aerárthaí a shoiléiriú agus a fheabhsú, go háirithe maidir le cásanna cur isteach neamhdhleathach. I gcás tionóiscí mar thoradh ar chur isteach den sórt sin, tá imscrúduithe sábháilteachta foirceanta ag roinnt Ballstát gan Tuarascáil Chríochnaitheach a eisiúint, rud a bhaineann an bonn de na cuspóirí ceachtanna a shainaithint chun an tsábháilteacht eitlíochta a fheabhsú. Cuimsítear sa Leasú Nóta chun an oibleagáid sin a shoiléiriú, lena n-áiritheofar go ndéanfar imscrúduithe sábháilteachta a thabhairt chun críche, bíodh gníomhartha neamhdhleathacha i gceist nó ná bíodh.

– Ina theannta sin, tugtar aghaidh leis an Leasú ar choinbhleachtaí féideartha leasa a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás ina mbeadh Stát an Tarlaithe nasctha le gníomh cur isteach neamhdhleathach, coinbhleachtaí a bhféadfadh ceistiú maidir le neamhchlaontacht na n-imscrúduithe a bheith mar thoradh orthu. D'fhonn trédhearcacht, neamhspleáchas, creidiúnacht agus oibiachtúlacht a chosaint, moltar do Stát an Tarlaithe imscrúduithe a tharmligean go deonach chuig Stáit tríú páirtí nó eagraíochtaí réigiúnacha, nó páirt a thabhairt do EESI mar bhreathnóir. Déantar an

togra seo a dhoiciméadú mar threoir i gCeangaltán G a ghabhann le hIarscríbhinn 13, d'fhonn feabhas a chur ar chreidiúnacht imscrúduithe i gcás ina bhféadfadh coinbhleachtaí leasa a bheith ann.

– A mhéid a bhaineann le hathrú ar an ábhar fianaise, tá sé beartaithe an focal '*available*' a bhaint den téacs atá ann cheana, ó tharla gur céim siar i dtaobh rochtain ar ábhar fianaise é le linn imscrúduithe a dhéanann imscrúdaitheoirí tionóiscí/teagmhas. Tugtar isteach leis srian nó coinníoll agus d'fhéadfaí míthuiscint a bhaint as a mhéid a bhaineann le sonraí íogaire a chomhroinnt le himscrúdaitheoirí tionóiscí/teagmhas.

– Maidir le réamhthuarascáil an chórais tuairiscithe ar shonraí tionóiscí/teagmhas ('ADREP') a bhaint, is é an aidhm atá ann ceanglais na Stát maidir le tionóiscí agus teagmhais a thuairisciú do EESI mar chuid den chóras tuairiscithe ar shonraí tionóiscí/teagmhas a shimpliú. Ina theannta sin, tá sé beartaithe an ceanglas maidir leis an uasmhais chun Tuarascáil Chríochnaitheacha a chur faoi bhráid EESI a ísliú ó 5 700 kg go 2 250 kg chun ailíniú leis na ceanglais maidir le tuairisciú ADREP agus maidir le fógra a thabhairt faoi thionóiscí/theagmhais.

– Ar deireadh, a mhéid a bhaineann leis an nuashonrú ar an téarma 'Clár Sábháilteachta Stáit (SSP)', tugtar le tuiscint leis sin gur gá a shainmhíniú in Iarscríbhinn 13 a athrú chun an sainmhíniú nua a léiriú. Leis an togra, modhnaítear freisin ábhar an Nóta a ghabhann le Roinn 8.1 d'Iarscríbhinn 13 tríd an téarma 'Córas um Bailiú agus Próiseáil Sonraí Sábháilteachta (CBPSS)' a thabhairt isteach. Sa dá chás, leis an togra féachtar le comhsheasmhacht Iarscríbhinn 13 le hIarscríbhinní eile de chuid EESI a áirithiú.

Tá sé beartaithe, má ghlactar an Leasú, go mbeidh sé infheidhme ón 23 Samhain 2028 ar aghaidh, cé is moite d'fhorálacha maidir le sainmhínithe ar Chlár Sábháilteachta Stáit (SSP) agus maidir leis an Nóta i dtaca le Córas um Bailiú agus Próiseáil Sonraí Sábháilteachta*(CBPSS)*, ar forálacha iad atá beartaithe teacht i bhfeidhm an 26 Samhain 2026.

Cé go gcomhfhreagraíonn roinnt de na Leasuithe atá beartaithe do chodanna d'Iarscríbhinn 13 de chuid EESI nach bhfuil tugtha isteach i Rialachán (AE) Uimh. 996/2010[1], tá an chuid eile acu leabaithe cheana féin i Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 agus má ghlactar é mar atá beartaithe, ní dócha go n-eascróidh aon athrú ar Dhlí an Aontais as an Leasú. Mar sin féin, ní mór measúnú cuimsitheach a dhéanamh, lena n-áirítear measúnú ar an ngá atá ann le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí, a luaithe a ghlacfar an Leasú.

Ullmhaíodh an measúnú thuas ar bhonn rannchuidiú a fuarthas ón Líonra Eorpach d'Údaráis um Imscrúdú Sábháilteachta na hEitlíochta Sibhialta. Bunaítear an Líonra le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 agus tá sé comhdhéanta de cheannairí na nÚdarás um Imscrúdú Sábháilteachta i ngach Ballstát agus/nó, i gcás údarás ilmhódach, ceannaire a bhrainse eitlíochta, nó a n-ionadaithe. Tá sé de dhualgas ar an Líonra Eorpach d'Údaráis um Imscrúdú Sábháilteachta na hEitlíochta Sibhialta, i measc dualgais eile, moltaí a ullmhú agus comhairle a thabhairt d'institiúidí an Aontais i ndáil le gach gné d'fhorbairt agus de chur chun feidhme bheartais agus rialacha an Aontais a bhaineann le himscrúduithe sábháilteachta agus le tionóiscí agus teagmhais a chosc.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta a imscrúdú agus a chosc agus lena n-aisghairtear Treoir 94/56/CE (IO L 295, 12.11.2010, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/996/oj

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

3,1. An Leasú atá beartaithe agus an gaol atá aige le rialacha an Aontais atá ann cheana

Leasú 20 ar Iarscríbhinn 13

Leis an Leasú atá beartaithe dá dtagraítear i Litir Stáit AN 6/1.2.2, AN 11/1.1.36-25/43, agus Litir Stáit AN 8/3-23/18, cumhdaítear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 996/2010.

Tagann ábhar na leasuithe atá beartaithe faoi inniúlacht eisiach an Aontais de bhun an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) CFAE.

Leis an leasú atá beartaithe, chuirfí le feabhsú na sábháilteachta eitlíochta trí ardleibhéal éifeachtúlachta, luais agus cáilíochta in imscrúduithe sábháilteachta san eitlíocht shibhialta a áirithiú, agus é mar chuspóir aonair acu tionóiscí agus teagmhais amach anseo a chosc gan milleán nó dliteanas a shannadh. Aithníonn an tAontas go bhfuil gá le himscrúduithe feabhsaithe tionóiscí/teagmhas, lena n-áirítear trí dhualgais Stát an Tarlaithe in imscrúduithe tionóiscí aerárthaí a shoiléiriú agus a fheabhsú, go háirithe maidir le cásanna a bhaineann le cur isteach neamhdhleathach, ábhar fianaise a shoiléiriú, tuairisciú do ADREP a shimpliú, an tairseach mhaise a ísliú chun tuarascálacha críochnaitheacha ar thionóiscí a chur faoi bhráid EESI a ísliú, agus trí shainmhíniú nua ar Chlár Sábháilteachta Stáit trí athruithe ar Iarscríbhinn 13 *Aircraft Accident and Incident Investigation* (Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí) a thabhairt isteach.

Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar roinnt cuspóirí ar leith. Féachtar leo le freagracht na Stát a shoiléiriú maidir le himscrúduithe sábháilteachta a thabhairt chun críche agus Tuarascálacha Chríochnaitheacha a fhoilsiú fiú i gcás ina bhfuil cur isteach neamhdhleathach i gceist, rud a fheabhsaíonn, dá bhrí sin, an tsábháilteacht eitlíochta trí chosc a chur ar imscrúduithe sábháilteachta a fhoirceannadh go ró-luath. Téann siad i ngleic freisin le coinbhleachtaí féideartha leasa trína mholadh go dtarmligfeadh na Stáit imscrúduithe chuig eintitis tríú páirtí chun neamhchlaontacht agus trédhearcacht a áirithiú. Thairis sin, féachtar le feabhas a chur ar rochtain na n-imscrúdaitheoirí ar na sonraí is gá gan teorainneacha. Tá sé d'aidhm ag réamhthuarascáil ADREP a bhaint agus na tairisigh uasmhaise chun tuairisciú do EESI a ísliú nósanna imeachta a shimpliú agus bailiú sonraí níos cuimsithí a áirithiú. Ar deireadh, trí nuashonruithe ar théarmeolaíocht amhail 'Clár Sábháilteachta Stáit' agus tríd an 'gCóras um Bailiú agus Próiseáil Sonraí Sábháilteachta' a thabhairt isteach, déantar gach iarracht comhsheasmhacht ar fud Iarscríbhinní EESI a choinneáil ar bun.

I gcreat reachtach an Aontais atá ann faoi láthair, mar atá Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, tugtar ar aird gur cheart aird ar leith a thabhairt ar Iarscríbhinn 13 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago agus ar a leasuithe ina dhiaidh sin, lena leagtar síos na caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta idirnáisiúnta maidir le himscrúdú tionóiscí agus teagmhais aerárthaí. Ní airítear go bhfuil gá le Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 a leasú nó le gníomh reachtach nua a ghlacadh.

Ionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (GSEE) mar chomhaltaí agus breathnóirí den Líonra Eorpach d'Údaráis um Imscrúdú Sábháilteachta na hEitlíochta Sibhialta WG 7 atá i gceannas chomhordú a dhéanamh ar bharúlacha na nÚdarás um Imscrúdú Sábháilteachta (SIA) a mhéid a bhaineann le Litreacha Stáit ICAO maidir le himscrúduithe sábháilteachta, chuir siad le forbairt an togra a bhaineann le Leasú 20.

Dá bhrí sin, is é an seasamh atá beartaithe atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don leasú sin.

Dá bhrí sin, ar choinníoll go nglacfaidh Comhairle EESI, gan aon athrú suntasach, Leasú 20 atá beartaithe ar Iarscríbhinn 13 – *Aircraft Accident and Incident Investigation* (Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí) , is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, gan fógra míshástachta a thabhairt ach na bearta arna nglacadh a chomhlíonadh mar fhreagra ar Litir Stáit EESI lena mbaineann. I gcás ina n-imeodh reachtaíocht an Aontais ó chaighdeáin nuaghlactha EESI tar éis dáta atá beartaithe do chur i bhfeidhm na gcaighdeán sin, ba cheart do na Ballstáit seasamh an Aontais maidir leis na difríochtaí le hais na gCaighdeán áirithe sin a chur in iúl do EESI, ar bhonn doiciméad ullmhúcháin a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle chun é a phlé agus a fhormheas, in am trátha, agus lena leagtar amach na difríochtaí mionsonraithe le haghaidh an ama is gá chun an cur chun feidhme a thabhairt chun críche.

4. BUNÚS DLÍ

4,1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear ‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE bíodh an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú, nó ná bíodh[2].

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap ‘gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’ gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d’fhéadfadh ‘tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh’[3]. Mar a mhínítear thuas, tagann ábhar substaintiúil an Leasaithe atá beartaithe faoi réimse ina bhfuil Dlí de chuid an Aontais (i.e. Rialachán (AE) Uimh. 996/2010)

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht í Comhairle EESI a cuireadh ar bun le comhaontú, mar atá an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (‘Coinbhinsiún Chicago’).

I gcomhréir le hAirteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, glacann Comhairle EESI Caighdeáin idirnáisiúnta agus Cleachtais Mholta idirnáisiúnta, mar a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Bíonn éifeachtaí dlíthiúla leis na gníomhartha sin. Go deimhin, a luaithe a ghlacfaidh EESI Caighdeáin agus Cleachtais Mholta agus a thiocfaidh siad i bhfeidhm, beidh siad ceangailteach ar gach Stát Conarthach EESI de bhun Airteagal 90(a) de Choinbhinsiún Chicago, lena bhforáiltear: *‘Chun go nglacfaidh an Chomhairle na hIarscríbhinní ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 54, fomhír I), beidh gá le vóta dhá thrian ón*

---

[2] Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

[3] Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:AE:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

gComhairle ag cruinniú a thionólfar chun na críche sin, agus ansin cuirfidh an Chomhairle na hIarscríbhinní céanna faoi bhráid gach Stáit chonarthaigh. Tiocfaidh aon Iarscríbhinn den sórt sin nó aon leasú ar Iarscríbhinn i bhfeidhm laistigh de 3 mhí tar éis í a thíolacadh do Stáit chonarthacha, nó ag deireadh cibé tréimhse ama is faide a fhorordóidh an Chomhairle , mura rud é go gcláraíonn tromlach de na Stáit chonarthacha a míshástacht leis an gComhairle idir an dá linn'. Mar a mhínítear thuas, d'fhéadfadh an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn 13 tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar reachtaíocht an Aontais. Is é sin, leis an Leasú ba ghá na nósanna imeachta oibre atá ag na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta a rialaítear le Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 faoi láthair a chur in oiriúint.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta atá leis an gCinneadh atá beartaithe maidir leis an seasamh i leith na bhfógraí sin.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh a glacadh leis an gcomhbheartas iompair.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE is bunús dlí substainteach atá leis an gCinneadh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is é Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, an bunús dlí atá leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 237ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) a mhéid a bhaineann leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn 13 - *Aircraft Accident and Incident Investigation* (Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (‘Coinbhinsiún Chicago’), lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta, i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) leis.

(2) Tá na Ballstáit ina Stáit Chonarthacha i gCoinbhinsiún Chicago agus is comhaltaí de EESI iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas i gcomhlachtaí áirithe EESI. Tá ionadaithe ó shé Bhallstát i gComhairle EESI.

(3) De bhun Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, féadfaidh Comhairle EESI Caighdeáin Idirnáisiúnta agus Cleachtais Mholta Idirnáisiúnta (‘SARPanna’) a ghlacadh, agus iad a ainmniú mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

(4) Tá Comhairle EESI, ag a 237ú seisiún, le Leasú 20 a ghlacadh ar Iarscríbhinn 13 – *Aircraft Accident and Incident Investigation* (Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí) a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

(5) Is é príomhchuspóir Leasú 20 ar Iarscríbhinn 13 - *Aircraft Accident and Incident Investigation* (Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí) a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago an tsábháilteacht eitlíochta a fheabhsú trí ardleibhéal éifeachtúlachta, luais agus cáilíochta in imscrúduithe sábháilteachta san eitlíocht shibhialta a áirithiú.

(6) Is é is aidhm do na hathruithe atá beartaithe na cuspóirí sin a bhaint amach trí fhreagracht na mBallstát a shoiléiriú i dtaobh imscrúduithe sábháilteachta a chur i gcrích agus Tuarascálacha Críochnaitheacha a fhoilsiú, fiú i gcásanna cur isteach neamhdhleathach, rud a chuirfidh cosc, dá bhrí sin, ar imscrúduithe a fhoirceannadh róluath. Tugtar aghaidh leo ar choinbhleachtaí féideartha leasa trína mholadh gur cheart imscrúduithe a tharmligean chuig eintitis tríú páirtí le haghaidh neamhchlaontacht agus trédhearcacht níos fearr. Leis na leasuithe, cuirtear feabhas freisin ar rochtain na n-imscrúdaitheoirí ar shonraí trí shrianta a bhaint. Chomh maith leis sin, simplítear leo na nósanna imeachta maidir le tuarascálacha a chur faoi bhráid EESI tríd an gceanglas maidir le Réamhthuarascáil ‘ADREP’ a bhaint, agus trí thairisigh uasmhaise aerárthaí chun Tuarascálacha Críochnaitheacha a chur faoi bhráid

EESI a laghdú. Ar deireadh, tugtar téarmaíocht cothrom le dáta leis chun comhsheasmhacht ar fud Iarscríbhinní EESI a áirithiú.

(7) An Líonra Eorpach d'Údaráis um Imscrúdú Sábháilteachta na hEitlíochta Sibhialta a bunaíodh le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 996/2010[4], a bhfuil sé de dhualgas air comhairle a thabhairt d'institiúidí de chuid an Aontais maidir leis na gnéithe uile d'fhorbairt agus de chur chun feidhme bheartais agus rialacha an Aontais maidir le himscrúduithe sábháilteachta agus maidir le tionóiscí agus theagmhais a chosc, chuir sé le forbairt an togra a bhaineann le Leasú 20.

(8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle EESI a bhunú ós rud é go mbeidh Leasú 20 ar Iarscríbhinn 13 – *Aircraft Accident and Incident Investigation* (Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí) a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 90(a) de Choinbhinsiún Chicago agus d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a bheith aige ar dhlí an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 996/2010.

(9) Le linn an 237ú seisiún de Chomhairle EESI nó le linn aon seisiún ina dhiaidh maidir le glacadh Leasú 20 atá beartaithe ar Iarscríbhinn 13 – *Aircraft Accident and Incident Investigation* (Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí) a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacaíocht a thabhairt do na leasuithe sin agus iad a chomhlíonadh ina n-iomláine.

(10) De bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, más dofheidhmithe d'aon Stát aon chaighdeán nó aon nós imeachta idirnáisiúnta den sórt sin a chomhlíonadh go hiomlán, nó a rialacháin nó a chleachtais féin a chur i gcomhréir go hiomlán le haon chaighdeán nó aon nós imeachta idirnáisiúnta den sórt sin, nó má mheasann sé gur riachtanach rialacháin nó cleachtais a ghlacadh atá éagsúil ar aon dóigh leis na rialacháin nó na cleachtais arna mbunú le caighdeán idirnáisiúnta, ba cheart don Stát sin fógra a thabhairt láithreach do EESI maidir leis na difríochtaí idir a chleachtas féin agus an cleachtas arna bhunú leis an gcaighdeán idirnáisiúnta.

(11) De bhun Airteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, tiocfaidh aon Iarscríbhinn den sórt sin nó aon leasú ar Iarscríbhinn i bhfeidhm laistigh de 3 mhí tar éis sin a thíolacadh do Stáit Chonarthacha EESI, nó ag deireadh cibé tréimhse ama is faide a fhorordóidh Comhairle EESI, mura rud é go gcláraíonn tromlach de Stáit Chonarthacha EESI a míshástacht idir an dá linn.

(12) Tar éis do Chomhairle EESI Leasú 20 ar Iarscríbhinn 13*Aircraft - Accident and Incident Investigation* (Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí) a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a ghlacadh, rud a bheidh le fógairt ag Ardrúnaí EESI trí nós imeachta Litreach Stáit EESI, ba cheart don Aontas an seasamh a bheith aige gan míshástacht a chlárú agus na leasuithe a chomhlíonadh. I gcás ina n-imeodh reachtaíocht an Aontais ó na SARPanna nuaghlactha tar éis dáta cur i bhfeidhm na SARPanna sin atá beartaithe , ba cheart fógra a thabhairt do EESI go bhfuil difríocht ann le hais na SARPanna áirithe sin. Ba cheart seasamh an Aontais i ndáil leis an difríocht sin a bheith bunaithe ar dhoiciméad i scríbhinn a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle chun é a phlé agus a fhormheas.

---

[4] Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta a imscrúdú agus a chosc agus lena n-aisghairtear Treoir 94/56/CE (IO L 295, 12.11.2010, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/996/oj

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(1) Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 237ú seisiún de Chomhairle EESI, nó ag aon cheann de na seisiúin ina dhiaidh sin, tacú leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn 13 – *Aircraft Accident and Incident Investigation* (Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí) a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ina n-iomláine.

(2) Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, gan míshástacht a chlárú, agus fógra a thabhairt faoi chomhlíonadh an bhirt glactha mar fhreagra ar an Litir Stáit EESI ábhartha, ar choinníoll go nglacfaidh Comhairle EESI, gan aon athrú suntasach, an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn 13 – *Aircraft Accident and Incident Investigation* (Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí) a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago dá dtagraítear i mír 1. I gcás ina n-imeodh reachtaíocht an Aontais ó na caighdeáin idirnáisiúnta nuaghlactha tar éis an dáta a beartaíodh a thiocfadh na caighdeáin sin i bhfeidhm, fógrófar do EESI go bhfuil difríocht ann le hais na gcaighdeán idirnáisiúnta áirithe sin, i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago.

I gcás ina bhfuil aon difríocht idir reachtaíocht an Aontais agus na caighdeáin in Iarscríbhinn 13 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, cuirfidh an Coimisiún doiciméad ullmhúcháin faoi bhráid na Comhairle chun é a phlé agus a fhormheas, doiciméad lena leagtar amach seasamh an Aontais maidir leis na difríochtaí mionsonraithe a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid EESI thar ceann an Aontais, in am trátha agus ar a laghad 2 mhí roimh aon sprioc-am a leagfaidh EESI amach maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí.

Airteagal 2

Is iad Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de Chomhairle EESI, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(1).

Déanfaidh Ballstáit uile an Aontais an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán